# Claddagh Watch

Eochairfhocail: carthanacht, uiscebhealaí, baoithe tarrthála, bratacha, goid, oibrithe deonacha

Príomhscileanna: Éisteacht, scríobh, léitheoireacht agus labhairt

**Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:**

1. Cén saghas eagraíochta í Claddagh Watch?
2. Cén saghas oibre go díreach a dhéanann lucht Claddagh Watch?
3. An íoctar oibrithe Claddagh Watch?
4. Cad a baineadh anuas ó dhroichead i gcathair na Gaillimhe le déanaí?
5. An bhfuil a fhios ag oibrithe Claddagh Watch cá bhfuil na bratacha dá gcuid a baineadh anuas?
6. Cad atá tosaithe ag an gComhairle Cathrach?
7. Cén teachtaireacht gur mhaith leis an gComhairleoir Peter Keane a thabhairt don phobal?
8. Cén fheidhm atá ag bratacha Claddagh Watch de réir Sábháilteacht Uisce na hÉireann?
9. Cén fhadhb mhór eile atá le feiceáil cois abhann sa chathair?
10. Ainmnigh an dá eagraíocht a bhfuil teagmháil déanta ag Claddagh Watch leo maidir leis an scéal seo?

Gníomhaíocht Léitheoireachta agus Labhartha:
Deachtú

**Ag obair le do pháirtí ranga, déanadh an chéad duine sliocht a haon a léamh amach os ard agus scríobhadh an duine eile an méid a chloiseann sé/sí síos. Babhtálaigí róil ansin.**

1. Is éard is Claddagh Watch ann ná carthanacht a bunaíodh chun patról a dhéanamh ar na huiscebhealaí thart ar chathair na Gaillimhe d'fhonn daoine a choimeád slán sábháilte. Tá an charthanacht seo ar an bhfód anois le sé bliana. Ar mhí-ámharaí an tsaoil, tharla roinnt mhaith tragóidí ar uiscebhealaí na Gaillimhe thar na blianta. Ceapadh, mar sin, sa bhliain 2019 go mbunófaí carthanacht a choinneodh súil amach ar na huiscebhealaí seo chun a thuilleadh tragóidí sa todhchaí a sheachaint. Tá sárjab á dhéanamh ag Claddagh Watch le blianta beaga anuas.

2. Is oibrithe deonacha iad na daoine a oibríonn le Claddagh Watch. Téann siad amach ar patról thart ar 10 n-uaire in aghaidh na míosa. Má bhíonn drochaimsir ann ar feadh roinnt laethanta téann siad amach níos minice fós. Coinníonn siad súil amach ar na huiscebhealaí agus má thagann siad ar aon duine a cheapann siad atá i mbaol nó trína chéile tagann siad i gcabhair ar na daoine sin. Is iomaí beatha atá sábháilte ag oibrithe Claddagh Watch le blianta beaga anuas.



## Gníomhaíocht Scríbhneoireachta: Eachtra



**Scríobh eachtra shamhailteach inar tharla timpiste ar abhainn i nGaillimh. Is tusa duine de na hoibrithe deonacha le Claddagh Watch agus tagann tú ar dhuine atá i mbaol. Déan cur síos ar an eachtra a leanann. Is leor 150 focal sa chur síos. Cabhróidh an foclóir seo a leanas leat.**

- báisteach throm
- tuilte
- an geimhreadh a bhí ann
- ar patról
- i bhfaiteadh na súl
- ghluaiseamar
- ar luas lasrach
- bhí bean á bá san abhainn
- teacht i gcabhair
- ba bheag nár bádh í
- an-bhuíoch
- Is maith is ann don Claddagh Watch

## Freagraí

1. Carthanacht
2. Déanann siad patról ar uiscebhealaí chathair na Gaillimhe chun daoine a choimeád slán
3. Ní íoctar, is oibrithe deonacha iad
4. Bratacha de chuid Claddagh Watch
5. Níl a fhios
6. Fiosrúchán faoi na bratacha atá ar iarraidh
7. Na bratacha seo a thabhairt ar ais láithreach
8. Tarraingíonn siad aird ar an obair iontach a dhéanann Claddagh Watch chun an pobal a choimeád slán
9. Loitimiréacht ar bhaoithe tarrthála
10. An Garda Síochána agus Comhairle Cathrach na Gaillimhe